

Gnéithe de Litríocht na Rómáine 1920–1990

Diarmuid Johnson

Dhá thréimhse atá i gceist idir 1920 agus 1990 in oirthear na hEorpa agus sa Rómáin: na blianta idir an dá chogadh, agus ré an chumannachais ina dhiaidh sin go dtí 1989. Sin iad an dá thréimhse a bheas faoi chaibidil san alt seo. (Ar ndóigh, is rud ann féin atá i mblianta an chogaidh chomh maith.)

Maidir le tír na Rómáine féin, níor mhiste beagán focal a rá ina taobh. Ina trí chuid atá sí: abhantrach na Danóibe ó dheas, machairí agus sléibhte na Trasalváine i lár tire, agus críocha iargúlta Bhucovina agus na Moldáive ó thuaidh. Tá an dá réigiún sin teorannach le tíortha na Slavaise, mar atá An Úcráin, An tSlóvaic agus An tSean-Pholainn.

Faoi mar atá ceantair éagsúla sa Rómáin, tá éagsúlacht i dtraidisiúin smaointeoireachta agus i dtraidisiúin éigse na tire. Samplaí de chuid díobh sin atá san alt seo maraon le cur síos ar chuid den chiall atá le baint astu.

Czernowitz agus Bucovina 1920 – 1940

I 2005 d'fhoilsigh Links Verlag *Die Geschichte einer Untergegangenen Kulturmetropole*, i mBeirlin. Cuireadh leagan Fraincise i gcló i bPáras i 2008: *Poèmes de Czernowitz – Douze poètes juifs de langue allemande traduits de l'allemand et présentés par François Mathieu*. Cén áit a bhfuil Czernowitz, nó cén fáth a raibh biseach ar fhilíocht na Gearmáinise ann i measc na nGiúdach idir an dá chogadh domhanda?

Sa lá atá inniu ann is san Úcráin atá Czernowitz. Go dtí an chéad chogadh domhanda, ba chuid de chríocha impireacht na hOstaire agus na hUngáire a bhí ann. Ceanglaíodh le críocha na Rómáine é idir an dá chogadh. Ach idir 1880 agus 1920 nó mar sin is ardchathair cultúir de chuid na himpireachta a bhí ann. Bhí pobal Giúdach ann de bhunadh Vín, príomhchathair na hOstaire, páipéir nuachta i dteangacha éagsúla, cumainn éigse agus léinn, caiféanna a mbítí ag cur 's ag cúiteamh faoi cheisteanna móra na linne, agus gach a théann lena leithéid. Idir 1920 agus 1940, tháinig an chéad mheath ar an gcultúr sin. Ach bhí traidisiún láidir smaointeoireachta bunaithe ann nárbh fhéidir a mhúchadh go héasca.

I dtús an dara cogadh domhanda áfach, bhuail trí mhaidhm bháite pobal na nGiúdach ar an mbaile – maidhm na Gearmáine, maidhm na Rúise agus maidhm na Rómáine. Cuireadh de dhroim an tsaoil iad. Chuaigh cuid díobh ar a dteitheadh. D'fhág cuid díobh saothar filíochta nó beagán véarsaí ina ndiaidh. Thángthas ar chuid den saothar sin sa bPailistín agus in Iosrael lenár linn féin, nó i measc páipéar agus leabhar i Meiriceá, i bPáras agus in áiteacha nach iad.

Is é Paul Antschel an file is mo cliú de scoil éigse Czernowitz. Paul Celan a thug sé air féin tar éis an chogaidh. Áirítear Celan ar dhuine d'fhilí móra na Gearmáinise le céad bliain anuas. Nuair a tháinig na Gearmáinigh i 1942, gabhadh athair agus máthair Celan. Urchar i gcúl a cinn ba chúis le bás na máthar. Tuirse agus tinneas a sciob an t-athair an bhliain dar gcionn i gcampa géibhinn. Níor gabhadh Celan féin: bhí sé i bhfolach. As sin go dtí 1970, nuair a bháigh sé é féin sa Seine, ní raibh sólás ar fail dó faoi bhás a mhuintire. Samhlaíonn sé gruaig bhán ar a mháthair. Rud nach raibh. Mar is ina bean óg a fuair sí bás.

Seoda beaga snoite filíochta atá i saothar Celan. Seo leagan Gaeilge ar roinnt línte. Is ón dán ‘In Aice na dTuambaí’ an chéad sampla. Is d’íoróin chrua an tsaoil gurbh í an Ghearmáinis – ní hionann agus an Yiddish – a labhraíodh go leor de Ghiúdaigh Czernowitz. ‘A mháthairín,’ arsa sé, ‘an ngéilleann tú di, mar a dhéantá fadó ar an teallach, an teanga lách, an Ghearmáinis, amhrán na péine?’ Sa dán ‘Salm’ déanann sé cur síos mar seo a leanas ar chinniúint na nGiúdach: ‘Is neamhrud a bhí ionainn, [is neamhrud] atá ionainn, is éard a bheas ionann agus muid faoi bhláth: bláth de chuid folúntas na cruinne – rós de chuid an neamhdhuine’. Sa dán *Espe* (‘An Cranann Creathach), taibhsíonn a mháthair chuige arís eile: ‘A scamaill bháistí, an bhfuil drogall ort imeacht ón tobar? Chaoin mo mháthair chiúin bhéasach-sa deora do chách’. D’fhoghlaim Celan an tSean-Eabhrais ina bhuachaill óg dó, agus tá a shliocht sin ar an stór tagairtí atá ina chuid filíochta. Sa dán *Jakobsstimme* (Glór Iacóibe) deir sé: ‘Na deora. Na deora i súil bráthar. Féach ceann nár thit – mhéadaigh sí. Lig anáil ionas go silfidh sí léi’.

Rugadh Alfred Gong (Liquornik) i Czernowitz i 1920. Bhí an Ghearmáinis agus an Rómáinis ó dhúchas aige. Ba den phobal Giúdach a mhuintir. I 1941 d’éalaigh sé go Bucairist. Tar éis an chogaidh, thug sé aghaidh ar an Ostair agus ar an bpríomhchathair Vín. Is saol gan só a bhí ansin aige, agus is gearr gur thapaigh sé deis le dul go Meiriceá. Mhair sé ar airgead pinn go dtí 1966 nuair a fuair sé post in ospidéal sa mBronx. I Meiriceá dó, mhúch an deoraíocht a chuid scríbhneoireachta, agus bhí sé gan chomhlúadar leis an nGearmáinis a chleachtadh. Fuair sé bás i 1981. Is tar éis a bháis a foilsíodh cuid mhaith de shaothar Alfred Gong. I 1987 agus 1988 chuir ollscoil Cholumbia dhá leabhar leis i gcló. Is i 1941 agus 1943 a scríobhadh an t-ábhar. Baineadh iad as láimhscribhinn dar teideal *Die Schönen Tage* (Na Laetha Áille).

Scríobh Gong dán darb ainm *Mein Vater* (M’athair). Tá cuid mhaith de stair na hEorpa i dtús na fichiú aoise sa dán. ‘Is fathach fir a bhí i m’athair’ arsa sé, oifigeach in Arm Ríoga na hOstaire. Goineadh faoi dhó le hurchair é i gcath Isonzo. Nuair a thit impireacht na hOstaire as a chéile, d’fhill Moses Liquornik ar thuaisceart na Rómáine. B’fhuath leis rialtas na Rómáine. Bhí cumha na himpireachta air. D’oscail sé siopa suarach. Chaitheadh sé an crios a bhíodh aige san arm. Is iomaí uair a thug sé léasadh don mhac leis. Agus chuireadh iachall air an leathar a phógadh! Tháinig na Cumannaigh i 1941. Chuir siad na *bourgeois* – lucht na siopaí suaracha – i gcarráistí beithí agus tharraing leo go dtí an tSibéir iad. Arsa an file sa dán: ‘Ar chéibh [an stáisiúin] dom, chonaic mé ag gol é don chéad uair i mo shaol. D’fhógair sé focal scoir orm: ‘Fredí – bí i do bhuachaill maith’. Fuair sé bás sa ngeimhreadh le fiabhras na néaróg, fathach fir ag geonaíl sa sneachta bodhar i Novossibirsk’.

Tá saothar le deichniúr eile i *Die Geschichte einer Untergegangenen Kulturmetropole*. Níor mhiste trácht ar Alfred Margul-Sperber (1898-1967). Duine saoihiúil ab ea Margul-Sperber. Rinne sé a chion i saol na héigse lena chuid comhfhilí as Bucovina a chur chun cinn i saol na Gearmáinise. Chomh maith lena chuid eagarthóireachta agus a chuid comhfhreagrais, scríobh sé dhá chnuasach déag filíochta. Bhí aithne aige ar Thomas Mann agus ar Herman Hesse.

I 1936, scríobh Margul-Sperber dán i gcomhair comórtas a d’eagraigh na Sóisialaigh Náisiúnta le linn na gCluichí Oilimpeacha i mBeirlín. B’éigean dó ainm cleite a úsáid de bharr gur Ghiúdach aitheanta a bhí ann. Dán molta do Jessie Owen a scríobh sé. Deir sé ann gur meabhraíodh rud do Owen agus é ag dul trasna an líne: a athair agus é crochta ar chrann. Fuair an dán an chéad duais. Nocht an t-údar a ainm féin ansin, ach dhiúltaigh sé glacadh leis an ngradam.

Is dán spéisiúil atá i ‘Saol Eile’ le Margul-Sperber freisin. Nuair a bhí sé ina leanbh, is cailín feirme de mhuintir na Rómáine a bhí ina muime aige. Thug an cailín gean a croí don pháiste altramais, mar is amhlaidh a tógadh a páiste féin uathí. Le linn dó a bheith ar a hucht, agus ise ag crónán dó,

chuaigh ceol agus teanga na mná óige go smior ann. Ainneoin gan ach fuil Ghiúdach ann ó dhúchas, ba dhuine de chlann na tuaithe agus de chlann na Rómáine a bhí ann féin go deo uaidh sin amach.

Mircea Eliade (1907-1986) – An Duine ‘Ársa’ agus Tionchar na mBalcán

Bhí Mircea Eliade ar dhuine de na heolaithe ba mhó ar chúrsaí reiligúin dár mhair sa bhfichiú aois. I 1945 d’fhág sé an Rómáin ar chúiseanna polaitiúla. Chaith sé a shaol san iasacht ina dhiaidh sin. Sa leabhar *Commentaires sur la Légende de maître Manole*, 1943 (Paris, 1994), tá cur síos ag Mircea Eliade ar sheanscéal faoi íobairt duine le foirgneamh a thógáil. Tá leagan den scéal i mbeatha Cholm Cille. Arsa Eliade: ‘Saint Colomban s’efforce vainement de bâtir une cathédrale dans l’île de Iona : les murs s’écroulent sans cesse’ arsa Eliade sa leabhar (lch 67). Is é sin: ‘Is obair in aisce do Cholmcille a bheith ag tógáil ardeaglaise ar Oileán Í: titeann na ballaí as a chéile air’. Tá sampla eile den mhóitíf seo sa scríbhinn *Historia Britonum* le Nennius ón 9ú haois maidir le tógáil Dinas Emris sa mBreatain Bheag.

Is éard atá i gceist aige go bhfuil iliomad samplaí i seanchas na hEorpa, cuir i gcás, faoi bhalla, nó droichead, nó foirgneamh nárbh fhéidir a thógáil gan duine a chur faoi na clocha ina bheatha. De réir na seantuisceana, ní bheadh rath ar rud ar bith nach mbeadh anam dá chuid féin aige. Cuirte anam duine sa deantúsaíocht más ea.

Sa leabhar seo, *Commentaires sur la Légende de maître Manole*, is gné de chultúr na mBalcán atá faoi chaibidil. Baineann an limistéir cultúir seo le habhantrach na Danóibe. Síneann an limistéir ón Albáin, an tSeirb, agus An Bhulgáir go dtí Deisceart na Rómáine. Cuireann Eliade béim sa leabhar ar an anam a bhíonn i ngach ní, agus ar an dearcadh a bhí ag an duine ársa – *l’homme antique* – ar a leithéid sin.

An ársaíocht a bhí i ndearcadh an duine an uair sin ar an domhan, tá a lorg ar litríocht na meán-aoise. Ní gnáthrud é in iarthar na hEorpa ó shin áfach ach sa mbéaloidias. In iarthar na hEorpa, tá briseadh idir litríocht na meán-aoise – nó dearcadh na seanaimsire – agus an litríocht nua. Ach in oirthear na hEorpa, i gceantar na mBalcán go mórmór, tá leanúnachas ann idir an dá rud.

Céard í an ársaíocht seo sa duine? Is dóigh liom gur féidir cuid de a mhíniú le comparáid idir na an t-ainmhí allta agus an t-ainmhí ceansaithe. Sa tseanaimsir ní raibh ainmhí ar bith ann ach an t-ainmhí allta. An duine san áireamh b’fhéidir. Ceansaíodh cuid de na hainmhithe de bharr forás na feirmeoireachta. Tá an dá chineál ann anois. Ach tá an t-ainmhí leathcheansaithe ann freisin. Más leathcheansú a tharla don duine, is sa leathallacht atá an fuíoll ársaíochta.

Lucian Blaga (1895-1961) – Iontas agus Rún na Beatha

Tá cuid de ghlór na hársaíochta i saothar Lucian Blaga chomh maith. Ní hiad an alltacht ná an leathalltacht atá i dtreis ann áfach ach an seaniontas. B’as baile Sebeş na Trasalváine do Bhлага, duine de scríbhneoirí móra na Rómáine sa bhfichiú aois. Shaothraigh sé cheithre ghort lena linn: an iriseoireacht, an fhealsúnacht, an drámaíocht agus an fhilíocht. *Poemele Luminii* (Dánta an tSolais) is teideal don chéad chnuasach uaidh (1917). Tá ceangal le brath sa gcnuasach seo agus ina shaothar ar fad idir tús an tsaol fadó agus an saol atá inár dtimpeall féin anois. Ar an dara rud, tá blas na talún ar an saothar. ‘Ní file cathrach mé,’ arsa Blaga, ‘chuirfeadh an sruthán agus an crann mallacht orm [dá mba ea].’

Sa dán *Vreau să joc* (Ba mhaith liom damhsa), tá dearcadh ar leith ag Blaga ar Dhia agus ar an duine. Deir sé: ‘Ba mhaith liom damhsa go bríomhar, fuinniúil,’ ar sé, ‘ionas nach mbraithfidh Dia gur sclábhaí é sa bpríosún ionam agus slabhra air’. Agus: ‘Cuir sciatháin orm, a chré na talún’ mar ‘is mian liom a bheith i mo shaighead leis an tsíoraíocht a scoilteadh’. Agus ar deireadh: ‘Ba mhaith liom damhsa agus seacht mbaohléim a chaitheamh ionas nach mbeidh Dia á phlúchadh ionam, ionas nach gcloisfear ag casaoid feasta é: ‘níl ionam ach sclábhaí sa bpríosún.’ Is spéisiúil an rud spleáchas ar an duine a shamhlú le Dia seachas a mhalairt faoi mar is gnách. Is comhspleáchas ar bhealach osChríostaí anseo é. Is beag nach mbraithfeadh duine ar léamh an tsaothair dó gur rud óg atá sa gCríostaíocht i gcoinsias an duine, bíodh ’s nach rud óg é i gcultúr na hEorpa.

Sna dánta *Pan Cîntă* (Fliúit Phan) agus *Păianjenul* (An Damhan Alla), caoineann Blaga an seandia Gréigeach Pan agus a chuid ceoil: ‘Fadó ba liom ríocht na spéire agus na réalt, agus bhaininn ceol as an bhfliúit i bhfianaise na cruinne’. Cé a chuir deireadh lena ré? Teacht na Críostaíochta. ‘Chuaigh Pan i bhfolach sa bpluais, theith sé roimh na croiseanna a bhí tógtha ar feadh na slí’.

Sa dán *Goronul* (An Dair), is machnamh ar an mbás atá i gceist. Ina luí faoin gcrann darach atá an file lá breá. Cloiseann sé clog an tséipéil ag bualadh i bhfad uaidh. Cloiseann sé na ‘braonta ciúnais ag líonadh a chuid fola’. Agus deir sé leis an gcrann: ‘cá bhfios nach as do chuidse adhmaid a bhainfear ábhar cónra le mé féin a chur?’ Baineann an smaoinemh seo casadh ar leith as an dearcadh a bhíonn againn ar chúrsaí ama. Is comhshaolach don chrann agus don duine sa dán seo. Is ar an lá céanna a chuirfear an t-adhmad agus an corpán i gcré na cille.

Sa dán *Mi-Aștept Amurgul* (Táim ag feitheamh le titim m’oíche féin) baineann an file casadh eile as cúrsaí aoise. Deir sé nach léir dó na réalta atá ina chroí féin de bharr go mbíonn a ghrian féin ag taitneamh go láidir. Ach nuair a rachas a ghrian féin i léig, breacfaidh a chuid réalta féin os comhair a shúl, faoi mar a bhreacann réalta na spéire tar éis deireadh lae. ‘Táim ag feitheamh le titim m’oíche féin, leis an dorchadas agus leis an bpéin, ionas go leathadh scáth dubh ar fud mo spéire féin, ionas go mbreacfaidh ionam mo chuid réalt féin, réalta de mo chuid féin nach bhfacas riamh go fóill’.

I litríocht iarthar na hEorpa, is mór i gceist cúrsaí áilleachta. Leanann an liriciúlacht, an rómánsúlacht agus an áilleacht a chéile ó leabhar go leabhar agus ó thír go tír. San oirthear, níl an traidisiún sin chomh tábhachtach. Dá bharr sin, d’fhéadfaí a rá nach iad focla na filíochta a scríobhann Blaga, agus filíocht na bhfocal. D’fhéadfaí a rá nach ag moladh na háilleachta a bhíonn sé, ach ag aimsiú an ní is cúis leis an áilleacht. Áit a mbíonn an duine ag machnamh ar an áilleacht atá ina thimpeall i dtraidisiún an iarthair, agus ag moladh Dé dá bharr, i saothar Bhлага is cuid den áilleacht agus cuid den iontas atá i nDia féin agus sa duine chomh maith.

Rud eile atá láidir san oirthear, seachas an liriciúlacht, ná an áiféis nó an áibhéil. Bhí a leithéid sin sa bhFrainc aimsir Rabelais, ach is de mheon na meánaoise an traidisiún *grotesque* in iarthar na hEorpa. I saothar Bhлага, is fo-théama atá ann, ach bíonn blas den áiféis nó den áibhéil nó den éiric ar chuid dá chion. Sampla amháin is ea *Fiica Pămîntului Joacă* (Damhsa Iníon na Talún). Tá an dán seo bunaithe ar dhráma dá chuid. Déanann an cailín talúnda mugadh magadh den eaglais ann. Glanann sí a dá sháil ar an gcrois, agus adhrann sí an ghrian. ‘Tá séipéal faoin talamh ghlas,’ ar sí. ‘Míle bliain ó shin shloig an fód é. Tá seachtar sagart ann fós agus iad ag léamh an aifrinn don diabhal’.

Deoraíocht agus Géarleanacht: 1948 – 1989

Níl léargas is fearr ar an mí-ádh a tháinig sa mullach ar lucht léinn agus éigse na Rómáine le linn an chumannachais ná scéal Sanda Stolojan. De bharr a cuid prionsabal, cuireadh ise sa bpríosún agus cuireadh a fear céile ag sclábhaíocht ar an gcanáil nua ón Danóib go dtí an Mhuir Dhubh. I dtús na seascaidí, ní raibh pingin rua ag an rialtas cumannach. Céard a rinne siad? Dhíol siad Sanda Stolojan agus a fear le duine dá lucht aitheantais sa bhFrainc ar 25 míle dollar. Sin mar a d'éalaigh siad go Páras. De bharr feabhas a cuid teangachaí agus a cuid oideachais, ceapadh Sanda Stolojan ina haistritheoir san Elysée, agus d'fhreastail sí ar uachtaráin na Fraince ó aimsir De Gaulle go dtí aimsir Chirac. Ó tharla post chomh gradamúil aici, d'éirigh léi filleadh ar an Rómáin ó am go chéile ina ball de na toscaireachtaí rialtais.

D'éirigh le Sanda Stolojan saol eile a chaitheamh go caothúil i bPáras na Fraince tar éis di teitheadh ón Rómáin, ach níorbh amhlaidh do Ion Caraion. Ní raibh cara sa sa gcúirt aigesean. Ghabh na póilíní é i 1950. Cuireadh ag sclábhaíocht é ar chanáil na Mara Duibhe. Scaoileadh saor é i 1955, ach bhí sé gan mhaith 's gan mhaoin agus gan cearta saoránaigh dá laghad aige. I 1958 gabhadh as an nua é, agus chaith sé sé bliana i sna mianachaí copair i gCavnic agus i mBala Sprie. D'iarr sé tearmann polaitiúil san Eilvéis i 1981. Is ann a cailleadh go huaigneach é cúig bliana dar gcionn gan chara, gan chéile, gan chompánach. Sa dán 'I m'aonar dom sa saol' séanann a bhrionglóid é san oíche agus síneann sé gan dóchas. Is deacair a thuiscint chomh mór 's a chuaigh an deachtóireacht, an ghéarleanacht, an géibheann, an deoraíocht agus an t-éadóchas i gcionn ar aicme daoine a raibh sároideachas agus uaisleacht cultúir iontu, ach i ndán sin Ion Caraion, téann an ghoimh go feirc.

Trí Ní

Is iomaí file agus fealsamh eile a chaithfí a lua dá mbeifí lena ceart a thabhairt don réimse agus don saibhreas atá i litríocht na Rómáine ó 1920 go 1990. Is lúb ar lár gan trácht a bheith déanta againn ar Marin Sorescu, ar Nichita Stănescu, ar Mihai Eminescu ná ar Vasile Voiculescu. Ach bíonn blas ar an mbeagán féin.

An bhfuil tír san Eoraip is saibhre ná an Rómáin ó thaobh léann, éigse agus smaointeoireacht? Is deacair a rá. Ach tá nasc idir trí ní ann nach bhfeicim féin in áit ar bith eile: léann na Laidne agus na Gréigise, taithí ar mhórtheangacha na hEorpa, agus béaloideas saibhir, ilghnéitheach, rúnmhar. Is traidisiún é a bhfuiltear dall air in iarthar na hEorpa fós. Agus is traidisiún é a bhfuil idir ársaíocht agus thírúilacht inti ach oiread lenár gcuid litríochta Gaeilge féin.